# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Julian de Spáinn |
| **Post** | Ard-Rúnaí |
| **Eagraíocht** | Conradh na Gaeilge |
| **Dáta** | 15 Nollaig 2020 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím** ✓ **Ní thoilím** ☐

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

| |
|---|
| Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son na teanga ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne. Is í príomhaidhm na heagraíochta an Ghaeilge a athréimniú mar ghnáth-theanga na hÉireann. Ó bunaíodh é ar 31 Iúil 1893 tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge. Tá Conradh na Gaeilge roghnaithe ag Foras na Gaeilge, an foras uile oileánda ag feidhmiú ar son an dá Rialtas thuaidh agus theas leis an nGaeilge a chur chun cinn, mar cheann de na sé cheanneagraíocht atá maoinithe acu leis an nGaeilge a fhorbairt ar oileán na |

hÉireann. Go príomha, tá Conradh na Gaeilge roghnaithe le tabhairt faoi chosaint teanga, ionadaíocht agus ardú feasachta ar an Ghaeilge. Tá 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Tá breis eolais faoi obair an Chonartha le fáil ag www.cnag.ie.

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

**Príomhinniúlachtaí**

- Sna príomhinniúlachtaí an leor 'CUMARSÁID A DHÉANAMH AGUS TEANGA A ÚSÁID' - nach fearr 'A BHEITH DÁTHEANGACH' nó leibhéal faoi leith ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha a bheith bainte amach do T1 agus T2 in ionad príomhinniúlacht atá róghinearálta agus a bheadh deacair le tomhais mar sin?
- Ba chóir inniúlachtaí teanga a bheith ann mar gheall ar thiomantas an rialtais nios mó statseibhíseach le Gaeilge a cheapadh agus an brú mór aistritheoirí a aimsiu san AE, agus an gá le múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge a chur ar fáil amach anseo do réimse na Gaelscolaíochta atá ag fás

**Líon uaireanta do mhúineadh na Gaeilge agus do mhúineadh an Bhéarla**

- Cén fáth nach raibh rogha sa líon uaireanta a mholtar sna cáipéisí chomhairliúcháin d'fhoghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla leis an status quo a choinneáil (i. 5.30 uair sa tseachtain sna naíonáin agus 7.30 uair ó rang a 1 go dtí a 6)? B'fhearr an status quo mar gheall ar na fadhbanna a bhaineann leis na roghanna sa cháipéis chomhairliúcháin (tá tagairtí do na fadhbanna agus na himpleachtaí do mhúineadh na Gaeilge agus an Bhéarla sa tábla thíos):

| Rogha | Briseadh síos ar an líon ama molta le teangacha a mhúineadh sa tseachtain | Líon nóiméad sa bhreis nó níos lú sa tseachtain mar thoradh ar mholtaí an CNCM |
|---|---|---|
| **Rogha 1** | Naíonáin: 5.30 uair (T1 agus T2) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 agus T2) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán** |
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1, T2 agus T3) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán (ach 3ú teanga ann chomh maith)** |
| **Nótaí ar Rogha 1** | Leis an rogha seo, ní bheadh idirdhealú déanta idir an líon ama a moltar do mhúineadh Teanga 1 agus Teanga 2 sa tseachtain ach go mbeadh sé fágtha faoi na scoileanna agus go mbeadh an 3ú teanga le tabhairt isteach acu ó rang a 3.<br><br>● D'fheadfadh seo ligint do scoileanna áirithe gan aon bhéim a chur ar mhúineadh na Gaeilge in aon chor agus an-dochair a dhéanamh do mhúineadh na Gaeilge<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |
| **Rogha 2** | Naíonáin: 5.45 uair (T1 - 3.15 uair; T2 - 2.30 uair) | **T1 +15 nóiméad (+8%); T2 +0 nóiméad (0%)** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 - 4.45 uair; T2 - 3.30 uair) | **T1 +15 nóiméad (+19%); T2 +0 nóiméad (0%)** |
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1 - 3.45 uair; T2 - 3.00 uair; T3 – 1.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-6%); T2 -30 nóiméad (-14%);<br>T3 +60 nóiméad** |
| **Nótaí ar Rogha 2** | Go mbeadh níos mó ama curtha ar fáil do mhúineadh Teanga 1 agus níos lú do Teanga 2 sa tseachtain ó na naíonáin go rang a 3, agus go mbeadh an tríú teanga san áireamh chomh maith ó rang a 3 go rang a 6 le níos lú ama arís do Teanga 2.<br><br>● D'fheadfadh laghdú an-mhór a bheith ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla dá gcuirfí an moladh seo i bhfeidhm. An bhfuil an mhalairt fíor i scoil Gaeltachta nó Gaelscoil?!<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |
| **Rogha 3** | Naíonáin: 5.45 uair (T1 - 2.45 uair; T2 - 3.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-8%); T2 +30 nóiméad (+20%)** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 - 3.45 uair; T2 - 4.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-6%); T2 +30 nóiméad (+14%)** |

| | | |
|---|---|---|
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1 - 2.45 uair; T2 - 4.00 uair; T3 - 1.00 uair) | **T1 -75 nóiméad (-31%); T2 +30 nóiméad (+14%); T3 +60 nóiméad** |
| **Nótaí ar Rogha 3** | Go mbeadh níos mó ama curtha ar fáil do mhúineadh Teanga 2 agus níos lú do Teanga 1 sa tseachtain ó na naíonáin go rang a 3, agus go mbeadh an tríú teanga san áireamh chomh maith ó rang a 3 go rang a 6 le breis ama fós do Teanga 2.<br>● Is dócha gur beag seans atá ann go roghnófaí an ceann seo ach d'fheadfadh seo breis ama a chur ar fáil do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. An bhfuil an mhalairt fíor i scoil Gaeltachta nó Gaelscoil?<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |

- Laghdaíodh an líon ama a caitear ar mhúineadh na Gaeilge i 1980 ó 5 uair an chloig go 3 uair an chloig go leith. An ndearnadh aon taighde ar cén impleachtaí a bhí aige seo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge roimh 1980 agus i ndiaidh 1980 le líon níos lú ama caite uirthi sa churaclam?

- Níl mórán béim ar an gceist faoin líon uaireanta i suirbhé an tuiste nó an suirbhé don mhúinteoir. Is locht an-mhór é seo má tá aon athrú le déanamh ar an líon uaireanta mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin seo

**Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge**

- Ní dhéantar tagairt / nasc sásúil leis an bpolasaí oideachais Gaeltachta agus tá cuma ar an scéal nár tugadh riachtanais na scoileanna Gaeltachta nó na gaelscoileanna san áireamh sa cháipéis chomhairliúcháin
- Níl cuma ar an scéal go dtógtar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge san áireamh sa líon uaireanta molta do mhúineadh T1 agus T2 sa cháipéis chomhairliúcháin. An dóigh leis an CNCM go bhfuil a mhalairt de chéard atá ag tarlúint i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla maith go leor mar mholadh agus an ndearnadh aon taighde leis seo a chruthú?

**Tríú teanga:**

- Deirtear sa cháipéis faoin gcomhairliúchán: *'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'*. Conas gur féidir seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh
- **<u>Níl páistí ag sroichint leibhéal líofacht sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Nach bhfuil fadhbanna le sárú anseo roimh an tríú teanga a chur sa churaclaim?</u>**
- Cén cumas (competency) ar scála ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha atá i gceist don tríú teanga? Agus cén cuid de churaclam an Bhéarla agus/nó de churaclam na Gaeilge atá le laghdú / gearradh siar? Cén modheolaíocht taighde atá déanta ag an CNCM leis na hathruithe atá molta a bhunú
- Is féidir a bheith ar son 3ú teanga ach aithint nach bhfuil an t-am ann len é a chur i bhfeidhm mar atá molta sa chomhairliúchán. Tá féidearthachtaí eile ann ar nós: cúrsa feasachta teanga a thabhairt isteach sa churaclaim roimh an tríú teanga a thosú le cinntiú go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar cén fáth atá siad ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla agus cén buntáistí a bhaineann le teangacha go ginearálta? D'fheadfaí blas do go leor teangacha éagsúla a thabhairt do na daltaí leis an gcúrsa feasachta seo agus d'fheadfadh na daltaí a bheith níos toilteanaigh teanga eile a fhoghlaim ar an dara leibhéal nó lasmuigh de hamanna na scoile dá bharr seo
- Cén cáilíocht a bheidh ag na múinteoirí ag múineadh an tríú teanga? An mbeidh na nuatheangacha mar riachtanais iontrála sna coláistí oiliúna amach anseo? An mbeidh na nuatheangacha á mhúineadh sa chéim mhúinteoireachta bunscoile agus cén grád a bheidh ag teastáil don mhúinteoir chun a bheith cáilithe chun an teanga a mhúineadh? Is obair sa bhreis a bheidh ann do

na coláistí agus na mic léinn.  Freisin an mbeidh ar na hábhair oidí dul ar Erasmus chun líofacht sa nuatheanga a bhaint amach, conas a bhfuil sin chun cur isteach ar staidéar na hábhair eile agus taithí oibre?

- An fearr teagascóir neamhspleách a thabhairt isteach tar éis am scoile leis an tríú teanga a mhúineadh do na daltaí go bhfuil spéis acu ann, ar nós mar atá i roinnt mhaith scoileanna faoi láthair, ach go mbeadh an teagascóir íoctha as ag Roinn Oideachais agus Scileanna i ngach scoil?
- Cuireadh deireadh leis an scéim Modern Languages in Primary Schools i 2011 - an bhfuil aon rud le foghlaim as an gcinneadh sin
-

**Gluaiseacht idir na leibhéil éagsúla sa chóras oideachais**

- An féidir an Ghaeilge a bhunú ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha mar mhodh measúnú leis an bhfoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis an iarbhunscoil agus an réamhscoil dá mbeadh gach cuid den Ghaeilge sa chóras oideachais ceangailte faoi aon pholasaí amháin (mar atá luaite sa chlár Rialtais anois)
- Tá deis sa rannóg 'Teagaisc agus Foghlaim' ó leathanach 20 agus sa rannóg 'Measúnú' ó leathanach 23 an buntáiste den fhéidearthacht leis an gCreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha a úsáid sna bunscoileanna i gcomhthéacs múineadh na Gaeilge
- Ba chóir aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge a cheangal le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal (mar atá luaite sa chlár Rialtais anois)

**Eile**

- D'fhéadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí luaite ar leathanach 7 a láidriú i ngach mór gach inniúlacht luaite
- Níl tagairt ar bith ann don chur chuige le RSO/taighde NCSE/Díolúintí & srl.

# Roinn 2

**Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

- Caithfear a bheith cúramach leis an solúbthacht a tugtar in aon athrú ar Churaclam na Bunscoile nach ndéanfaidh sé dochair do dheiseanna daltaí an Ghaeilge a fhoghlaim amach anseo. Mar shampla, má ghlactar le rogha 1 sna roghanna leagtar amach ag an CNCM sa cháipéis comhairliúcháin do scoileanna ar an líon ama a cuirtear ar fáil do mhúineadh teangacha, d'fheadfadh scoil roghnú an líon ama do mhúineadh na Gaeilge a laghdú go suntasach agus dochair a dhéanamh d'fhoghlaim na teanga dá bharr. Molann muid, mar sin, nár chóir dul leis an rogha seo
- Ba chóir aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge a cheangal le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal (mar atá luaite sa chlár Rialtais anois)

**Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Ba chóir an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha a úsáid mar mhodh measúnú don Ghaeilge leis an bhfoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis an iarbhunscoil agus an réamhscoil
- Ba chóir aon athrú ar mhúineadh na Gaeilge a cheangal le Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal (mar atá luaite sa chlár Rialtais anois)

### Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Sna príomhinniúlachtaí an leor 'CUMARSÁID A DHÉANAMH AGUS TEANGA A ÚSÁID' - nach fearr 'A BHEITH DÁTHEANGACH' nó leibhéal faoi leith ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha a bheith bainte amach do T1 agus T2 in ionad príomhinniúlacht atá róghinearálta agus a bheadh deacair le tomhais mar sin?
- Níl páistí ag sroichint leibhéal líofacht sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Nach bhfuil fadhbanna le sárú anseo roimh an tríú teanga a chur sa churaclaim
- D'fhéadfaí an Ghaeilge a úsáid leis na príomhinniúlachtaí luaite ar leathanach 7 a láidriú i ngach mór gach inniúlacht luaite

**Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
    - Teanga
    - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
    - Folláine
    - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
    - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- B'fhearr an líon uaireanta reatha a choinneáil do mhúineadh na Gaeilge. Tá fadhbanna agus impleachtaí a bhaineann leis an 3 rogha sa cháipéis chomhairliúcháin leagtha amach sa tábla thíos):

| Rogha | Briseadh síos ar an líon ama molta le teangacha a mhúineadh sa tseachtain | Líon nóiméad sa bhreis nó níos lú sa tseachtain mar thoradh ar mholtaí an CNCM |
|---|---|---|
| **Rogha 1** | Naíonáin: 5.30 uair (T1 agus T2) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 agus T2) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán** |
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1, T2 agus T3) – Gan moladh ar an roinnt | **+15 nóiméad ina iomlán (ach 3ú teanga ann chomh maith)** |
| **Nótaí ar Rogha 1** | Leis an rogha seo, ní bheadh idirdhealú déanta idir an líon ama a moltar do mhúineadh Teanga 1 agus Teanga 2 sa tseachtain ach go mbeadh sé fágtha faoi na scoileanna agus go mbeadh an 3ú teanga le tabhairt isteach acu ó rang a 3. | |

| | | |
|---|---|---|
| | ● D'fheadfadh seo ligint do scoileanna áirithe gan aon bhéim a chur ar mhúineadh na Gaeilge in aon chor agus an-dochair a dhéanamh do mhúineadh na Gaeilge<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |
| **Rogha 2** | Naíonáin: 5.45 uair (T1 - 3.15 uair; T2 - 2.30 uair) | **T1 +15 nóiméad (+8%); T2 +0 nóiméad (0%)** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 - 4.45 uair; T2 - 3.30 uair) | **T1 +15 nóiméad (+19%); T2 +0 nóiméad (0%)** |
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1 - 3.45 uair; T2 - 3.00 uair; T3 – 1.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-6%); T2 -30 nóiméad (-14%);**<br>**T3 +60 nóiméad** |
| **Nótaí ar Rogha 2** | Go mbeadh níos mó ama curtha ar fáil do mhúineadh Teanga 1 agus níos lú do Teanga 2 sa tseachtain ó na naíonáin go rang a 3, agus go mbeadh an tríú teanga san áireamh chomh maith ó rang a 3 go rang a 6 le níos lú ama arís do Teanga 2.<br>● D'fheadfadh laghdú an-mhór a bheith ar mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla dá gcuirfí an moladh seo i bhfeidhm. An bhfuil an mhalairt fíor i scoil Gaeltachta nó Gaelscoil?!<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |
| **Rogha 3** | Naíonáin: 5.45 uair (T1 - 2.45 uair; T2 - 3.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-8%); T2 +30 nóiméad (+20%)** |
| | Rang 1-2: 7.45 uair (T1 - 3.45 uair; T2 - 4.00 uair) | **T1 -15 nóiméad (-6%); T2 +30 nóiméad (+14%)** |
| | Rang 3-6: 7.45 uair (T1 - 2.45 uair; T2 - 4.00 uair; T3 - 1.00 uair) | **T1 -75 nóiméad (-31%); T2 +30 nóiméad (+14%);**<br>**T3 +60 nóiméad** |
| **Nótaí ar Rogha 3** | Go mbeadh níos mó ama curtha ar fáil do mhúineadh Teanga 2 agus níos lú do Teanga 1 sa tseachtain ó na naíonáin go rang a 3, agus go mbeadh an tríú teanga san áireamh chomh maith ó rang a 3 go rang a 6 le breis ama fós do Teanga 2.<br>● Is dócha gur beag seans atá ann go roghnófaí an ceann seo ach d'fheadfadh seo breis ama a chur ar fáil do mhúineadh na Gaeilge i scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. An bhfuil an mhalairt fíor i scoil Gaeltachta nó Gaelscoil?<br>● Nílimid in aghaidh an tríú teanga in aon chor ach cé hiad na múinteoirí atá chun an 3ú teanga a mhúineadh? Agus de réir aiseolais faighte ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú<br>● An bhfuil na hathruithe sa líon ama a chuirtear ar fáil do mhúineadh na Gaeilge ag teacht salach ar Churaclam Teanga na Bunscoile 2019 | |

- Laghdaíodh an líon ama a caitear ar mhúineadh na Gaeilge i 1980 ó 5 uair an chloig go 3 uair an chloig go leith. An ndearnadh aon taighde ar cén impleachtaí a bhí aige seo ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge roimh 1980 agus i ndiaidh 1980 le líon níos lú ama caite uirthi sa churaclam?
- Níl cuma ar an scéal go dtógtar scoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge san áireamh sa líon uaireanta molta do mhúineadh T1 agus T2 sa cháipéis chomhairliúcháin. An dóigh leis an CNCM go bhfuil a mhalairt de chéard atá ag tarlúint i scoil a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla maith go leor mar mholadh agus an ndearnadh aon taighde leis seo a chruthú?

- Deirtear sa cháipéis faoin gcomhairliúchán: *'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'*. Conas gur féidir seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh
- **Níl páistí ag sroichint leibhéal líofacht sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Nach bhfuil fadhbanna le sárú anseo roimh an tríú teanga a chur sa churaclaim?**
- Cén cumas (competency) ar scála ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha atá i gceist don tríú teanga? Agus cén cuid de churaclam an Bhéarla agus/nó de churaclam na Gaeilge atá le laghdú / gearradh siar? Cén modheolaíocht taighde atá déanta ag an CNCM leis na hathruithe atá molta a bhunú
- Is féidir a bheith ar son 3ú teanga ach aithint nach bhfuil an t-am ann len é a chur i bhfeidhm mar atá molta sa chomhairliúchán. Tá féidearthachtaí eile ann ar nós: cúrsa feasachta teanga a

thabhairt isteach sa churaclaim roimh an tríú teanga a thosú le cinntiú go mbeidh tuiscint ag na daltaí ar cén fáth atá siad ag foghlaim na Gaeilge agus an Bhéarla agus cén buntáistí a bhaineann le teangacha go ginearálta? D'fheadfaí blas do go leor teangacha éagsúla a thabhairt do na daltaí leis an gcúrsa feasachta seo agus d'fheadfadh na daltaí a bheith níos toilteanaigh teanga eile a fhoghlaim ar an dara leibhéal nó lasmuigh de hamanna na scoile dá bharr seo

- Cén cáilíocht a bheidh ag na múinteoirí ag múineadh an tríú teanga? An mbeidh na nuatheangacha mar riachtanais iontrála sna coláistí oiliúna amach anseo?
- An fearr teagascóir neamhspleách a thabhairt isteach tar éis am scoile leis an tríú teanga a mhúineadh do na daltaí go bhfuil spéis acu ann, ar nós mar atá i roinnt mhaith scoileanna faoi láthair, ach go mbeadh an teagascóir íoctha as ag Roinn Oideachais agus Scileanna i ngach scoil?
- Cuireadh deireadh leis an scéim Modern Languages in Primary Schools i 2011 - an bhfuil aon rud le foghlaim as an gcinneadh sin

**Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Tá deis sa rannóg 'Teagaisc agus Foghlaim' ó leathanach 20 agus sa rannóg 'Measúnú' ó leathanach 23 an buntáiste den fhéidearthacht leis an gCreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha a úsáid sna bunscoileanna i gcomhthéacs múineadh na Gaeilge
- De réir aiseolais faighte againn ó mhúinteoirí, ní dóigh leo gur féidir an líon ama reatha do mhúineadh na Gaeilge nó múineadh an Bhéarla a laghdú
-

## Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinné sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dushláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

- Deirtear sa cháipéis faoin gcomhairliúchán: *'Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo: Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'*. Conas gur féidir seo a bhaint amach nuair atá an tríú teanga molta don churaclaim sa bhunscoil ó rang a 3 ar aghaidh
- Níl páistí ag sroichint leibhéal líofacht sa Ghaeilge i roinnt mhaith scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla faoi láthair. Nach bhfuil fadhbanna le sárú anseo roimh an tríú teanga a chur sa churaclaim?
- Ba chóir an Fráma Tagartha Comónta Eorpach do na Teangacha a úsáid mar mhodh measúnú don Ghaeilge leis an bhfoghlaim sa bhunscoil a cheangal leis an iarbhunscoil agus an réamhscoil

**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**